Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12352/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0239 (NLE)**

**ECOFIN 1084**
**UEM 392**
**FIN 1149**
***ECB***
***EIB***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Lúnasa 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 435 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 435 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 435 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 7.8.2026
COM(2026) 435 final

2026/0239 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne**

{SWD(2026) 267 final}

2026/0239 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Spáinn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 3 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3], an 14 Bealtaine 2024[4], an 21 Eanáir 2025[5], an 13 Bealtaine 2025[6], an 12 Meitheamh 2025[7], an 10 Deireadh Fómhair 2025[8], an 20 Eanáir 2026[9], agus an 12 Meitheamh 2026[10].

(2) An 11 Iúil 2026, chuir an Spáinn iarraidh réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin go ndéanfadh sé togra Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é go bhfuil imthosca oibiachtúla i gceist a fhágann nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an Spáinn.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
[2] ST 10150/21 INIT; ST 10150/21 ADD 1 REV 2.
[3] ST 13695/23 INIT; ST 13695/23 REV 1 (en); ST 13695/23 ADD 1 REV 1.
[4] ST 9303/24 INIT; ST 9303/24 ADD 1.
[5] ST 17099/24 INIT; ST 17099/24 ADD 1.
[6] ST 8053/25 INIT; ST 8053/25 ADD 1.
[7] ST 9583/25 INIT; ST 9583/25 ADD 1; ST 9583/25 ADD 1 COR 1; ST 10408/25.
[8] ST 13075/25 INIT; ST 13075/25 ADD 1.
[9] ST 17031/25 INIT; ST 17031/25 ADD1; ST 17031/25 ADD 1 COR1 (es).
[10] ST 9518/26 INIT; ST 9518/26 ADD1.

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Spáinn isteach mar gheall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 96 bheart.

(4) Mhínigh an Spáinn go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar gheall ar bhoilsciú. Baineann sé sin le beart C2.I2 (Clár chun tacú le tógáil tithíochta sóisialta ar cíos i bhfoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Spáinn go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an Spáinn go bhfuil 11 bheart leasaithe mar gheall ar easpa éilimh. Baineann sé sin leis na bearta C2.I7 (Saoráid Iasachta ICO chun Tithíocht Shóisialta a Chur Chun Cinn), C12.I7 (Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach (iasachtaí)), C13.I3 (Digiteáil agus Nuálaíocht agus scéim fóirdheontais chun cuideachtaí a dhigitiú), C13.I7 (An Ciste Next Tech), C13.I13 (An Ciste Athléimneachta Réigiúnach (FRA)), C14.I4 (Gníomhaíochtaí speisialta i réimse an iomaíochais), C15.I9 (An tSaoráid Mhaoiniúcháin CHIP), C16.R1 (Straitéis Náisiúnta IS), C25.I3 (Ciste an Mhoil Closamhairc), C31.I3 (Scéim fóirdheontais chun tacú le dícharbónú na hearnála tionsclaíche agus an tslabhra luacha a bhaineann le foinsí agus stóráil fuinnimh in-athnuaite), agus C32.I3 (Deiseanna fostaíochta do dhaoine atá ag obair ar son atógáil agus athbheochan shocheacnamaíoch na gcríoch a ndéanann DANA difear dóibh). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Spáinn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Mhínigh an Spáinn go ndearnadh 48 bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a shimpliú agus cuspóirí na mbeart lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin leis na bearta C1.I1 (Limistéir astaíochtaí ísle agus claochlú an iompair uirbigh agus cathrach), C2.I1 (Clár athshlánaithe le haghaidh téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta i dtimpeallachtaí cónaithe), C2.I4 (Clár athghiniúna agus dúshlán déimeagrafach), C3.I4 (Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus na feirmeoireachta beostoic (III): Infheistíochtaí sa talmhaíocht bheacht, san éifeachtúlacht fuinnimh nó sa gheilleagar ciorclach in earnáil na talmhaíochta agus an bheostoic), C4.I1 (Digitiú na hoidhreachta nádúrtha agus eolas ar an oidhreacht sin), C4.I2 (Bithéagsúlacht talún agus mhuirí a chaomhnú), C4.I3 (Athshlánú éiceachóras agus bonneagair ghlais), C4.I4 (Bainistiú inbhuanaithe foraoisí), C5.I1 (Gníomhaíochtaí maidir le cóireáil, sláintíocht, éifeachtúlacht, coigilteas, athúsáid agus sábháilteacht bonneagair (DSEAR)), C5.I2 (Athshlánú éiceachóras abhann, bonneagar uisce agus maolú riosca tuilte), C5.I3 (An t-aistriú digiteach in earnáil an uisce (Forfheidhmiú Digiteach Comhshaoil) – Tionscadal straitéiseach le haghaidh téarnamh agus claochlú eacnamaíoch (PERTE) chun úsáidí uisce a dhigitiú), C5.I4 (An cósta a oiriúnú don athrú aeráide), C6.I2 (Clár an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair, oibreacha eile), C6.I3 (Idirmhódúlacht agus lóistíocht), C6.I4 (Clár tacaíochta le haghaidh iompar inbhuanaithe agus digiteach), C7.I1 (Fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt agus stóráil), C7.R3 (Pobail fuinnimh a fhorbairt), C10.I1 (Infheistíocht san Aistriú Cóir), C11.I3 (Claochlú digiteach agus nuachóiriú Aireacht an Bheartais Chríochaigh agus na Cuimhne Daonlathaí, Aireacht an Chlaochlaithe Dhigitigh agus na Seirbhíse Poiblí, na n-údarás riaracháin réigiúnach agus áitiúil, agus na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte), C11.I4 (Plean um aistriú fuinnimh in Údarás Riaracháin Ginearálta an Stáit), C12.I2 (Clár chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin inbhuanaitheacht thionsclaíoch), C12.I3 (Plean chun tacú le cur chun feidhme na

reachtaíochta dramhaíola agus le cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh), C13.I1 (Fiontraíocht), C14.I1 (An tsamhail turasóireachta a chlaochlú i dtreo na hinbhuanaitheachta), C15.I6 (Cur in úsáid 5G: líonraí, athrú teicneolaíochta agus nuálaíocht), C17.I2 (Bonneagar taighde), C17.I5 (Aistriú eolais), C17.I6 (Sláinte), C17.I7 (Comhshaol, Athrú aeráide agus fuinneamh), C17.I11 (Ranníocaíocht dheonach le GES le haghaidh na gclár FutureNav, EU Secure Connectivity, agus European Launcher Challenge Programmes), C18.I2 (Feachtais agus gníomhaíochtaí sláinte poiblí), C18.I3 (Acmhainneachtaí méadaithe chun freagairt ar ghéarchéimeanna sláinte), C18.I4 (Oiliúint a chur ar ghairmithe sláinte agus feabhas a chur ar chóireáil othar a bhfuil galair neamhchoitianta orthu), C18.I5 (Plean chun tomhaltas cógaisíochta a chuíchóiriú agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn, agus punann na seirbhísí géanómaíocha sa Chóras Náisiúnta Sláinte a leathnú), C18.I6 (Spás Náisiúnta Sonraí Sláinte), C19.I2 (Claochlú digiteach an oideachais), C19.I3 (Scileanna digiteacha don fhostaíocht), C20.I2 (Claochlú digiteach na gairmoiliúna), C21.I1 (Oideachas agus cúram na luath-óige a chur chun cinn (ECEC)), C23.I1 (Fostaíocht don Aos Óg), C23.I2 (Fostaíocht do mhná agus príomhshruthú inscne i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair), C24.I1 (Iomaíochas na dtionscal cultúrtha a neartú), C24.I2 (Borradh a chur faoin gcultúr ar fud na críche), C25.I1 (Clár chun an earnáil closamhairc a chur chun cinn, a nuachóiriú agus a dhigitiú), C26.I2 (Aistriú éiceolaíoch saoráidí spóirt), C31.I1 (Infheistíocht lena gcuirtear féintomhaltas chun cinn (bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite agus stóráil taobh thiar den mhéadar)), C32.I1 (Soghluaisteacht agus bonneagar glas agus inbhuanaithe), agus C32.I4 (Tubaistí nádúrtha a chosc agus a chomhrac: comhpháirt nua de chuid na Spáinne de bhuíon an Atlantaigh (ESCA+)). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Spáinn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Mhínigh an Spáinn go ndearnadh 30 beart a leasú toisc go bhfuil roghanna malartacha níos fearr ann chun na bearta a chur chun feidhme. Baineann sé sin leis na bearta C3.I1 (Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht i réimse an uiscithe a fheabhsú), C3.I12 (Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht i réimse an uiscithe a fheabhsú), C7.I2 (Fuinneamh inbhuanaithe ar oileáin), C9.I1 (Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite, tionscadal náisiúnta), C11.R1 (Athchóiriú chun an riarachán a nuachóiriú agus a dhigitiú), C12.I1 (Spásanna sonraí earnálacha chun earnálacha a dhigitiú, agus gníomhaíochtaí taighde, forbartha, agus nuálaíochta), C13.I14 (Instealladh cothromais in ICO), C13.I15 (Instealladh caipitil in ICO), C15.I1 (Síneadh leathanbhanda sárthapa), C15.I5 (Cur in úsáid bonneagair dhigitigh trasteorann), C15.I7 (Cibearshlándáil: Cumais saoránach, FBManna agus gairmithe a fheabhsú; éiceachóras na hearnála a fheabhsú), C15.I8 (PERTE Chip: An t-éiceachóras eolaíoch agus teicneolaíoch a fheabhsú. Cumais deartha mhéadaithe), C19.I1 (Scileanna digiteacha trasnaí), C20.I3 (Leathnú tairisceana agus idirnáisiúnú gairmoiliúna), C21.I3 (Tacaíocht do mhic léinn leochaileacha), C22.R2 (Seirbhísí sóisialta poiblí a nuachóiriú agus creat rialála nua a thabhairt ar an bhfód ina dtaobh), C22.I1 (Plean fadtéarmach cúraim agus tacaíochta: dí-institiúidiú, trealamh agus teicneolaíocht), C22.I2 (Plean chun Seirbhísí Sóisialta a Nuachóiriú - Claochlú teicneolaíoch, nuálaíocht, oiliúint, agus neartú cúraim leanaí), C22.I4 (Plean na Spáinne um chosaint ar fhoréigean in aghaidh na mban), C22.I5 (Tógáil, fáil, nó athchóiriú ionad glactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta), C23.I3 (Scileanna nua don aistriú glas, digiteach agus táirgiúil), C23.I4 (Tionscadail le haghaidh athchothromú agus cothromais), C25.I2 (PERTE 'Geilleagar Nua Teanga': Faisnéis sa Spáinnis agus i dteangacha comhoifigiúla eile), C28.I1 (Asbhaintí cánach a

dearbhaíodh chun feithiclí leictreacha a cheannach nó stáisiúin luchtaithe a shuiteáil), C31.I2 (Scéim chun tacú le táirgeadh agus glacadh hidrigine in-athnuaite), C31.I5 (Infheistíocht chun tacú le dícharbónú tionsclaíoch (deontais)), C31.I6 (Scéim fóirdheontais le haghaidh tionscadail dícharbónaithe (deontais)), agus C31.I9 (Scéim chun tacú leis an Aistriú Glas). Ina theannta sin, shainaithin an Spáinn rogha mhalartach níos fearr atá níos fabhraí i dtaobh chomhlíonadh chuspóirí Rialachán STA agus na gcritéar measúnaithe maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta. Go sonrach, mhol an Spáinn go n-ionadófaí beart amháin (C28.R2, Athchóiriú ar shochair chánach) lena rabhthas ag tabhairt aghaidh ar mholadh tírshonrach, agus gurb éard a chuirfí ina ionad beart nua (C8.R5, Teacht i bhfeidhm reachtaíochta a rannchuidíonn leis an aistriú glas), agus garsprioc nua (402a, Foilsiú Staidéir ar athbhreithniú caiteachais an timthrialla nua (2022-2026) a bheadh ag gabháil leis an mbeart C29.R1 (Athbhreithniú ar chaiteachas poiblí agus próiseas meastóireachta) lena dtugtar aghaidh ar dhá mholadh thírshonracha. Trí bhearta athsholáthair a chur chun cinn lena dtugtar aghaidh ar líon níos mó moltaí tírshonracha, áirithítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta gur mó a chumhdófar na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha ábhartha. Ina theannta sin, trí dhá bheart lena dtugtar aghaidh ar mholtaí tírshonracha a chur in ionad birt amháin, rannchuidítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta mar gur freagairt níos cuimsithí agus níos cothroime atá i gceist dá réir ar staid eacnamaíoch agus shóisialta an Bhallstáit, agus mar go n-áirithítear go rannchuidíonn sé go hiomchuí leis na colúin uile dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán STA. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Spáinn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tá mínithe ag an Spáinn go bhfuil cúig bheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de dheasca srianta ar an slabhra soláthair agus deacrachtaí teicniúla gan choinne. Baineann sé sin leis na bearta C13.I12 (Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA), C15.I3 (Dearbháin nascachta do FBManna agus do dhaoine aonair), C26.I1 (Digitiú earnáil an spóirt), C32.I2 (Bonneagar uisce, comhshaoil agus talmhaíochta a athchóiriú), agus C32.I6 (Scéim tacaíochta ICO do chuideachtaí a ndéanann an t-athrú ar thimpeallacht na dtaraifí domhanda difear dóibh). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Spáinn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Mhínigh an Spáinn nach féidir an beart C31.I4 (Infheistíocht chun tacú le bonneagar líonra leictreachais) a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne atá beartaithe mar gur gá nósanna imeachta fíorúcháin a leanúint atá níos faide ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Spáinn go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(10) Tar éis beart amháin a bhaint agus leibhéal cur chun feidhme 30 beart a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an Spáinn úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh de bharr an laghdaithe ar leibhéal a gcur chun feidhme siúd chun leibhéal cur chun feidhme 11 bheart a mhéadú agus beart nua agus garsprioc nua a chur isteach. Baineann sé le baint an bhirt C28.R2 agus le laghdú na mbeart C2.I2 (Clár chun tacú le tógáil tithíochta sóisialta ar cíos i bhfoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh), C3.I12 (Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht i réimse an uiscithe a fheabhsú) C2.I7 (Saoráid Iasachta ICO chun Tithíocht Shóisialta a Chur Chun Cinn), C9.I1 (Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite, tionscadal náisiúnta), C12.I7 (Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach (iasachtaí)), C13.I3 (Digitiú agus Nuálaíocht agus scéim

fóirdheontais chun cuideachtaí a dhigitiú), C13.I7 (An Ciste Next Tech), C13.I12 (Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA), C13.I13 (An Ciste Athléimneachta Réigiúnach (FRA)), C13.I15 (Instealladh caipitil in ICO), C14.I4 (Gníomhaíochtaí speisialta i réimse an iomaíochais), C15.I3 (Dearbháin nascachta do FBManna agus do dhaoine aonair), C15.I7 (Cibearshlándáil: Cumais saoránach, FBManna agus gairmithe a fheabhsú; éiceachóras na hearnála a fheabhsú), C15.I8 (PERTE Chip: An t-éiceachóras eolaíoch agus teicneolaíoch a fheabhsú. Cumais dearaidh mhéadaithe), C15.I9 (An tSaoráid Mhaoiniúcháin CHIP), C16.R1 (Straitéis Náisiúnta IS), C19.I1 (Scileanna digiteacha trasnaí), C20.I3 (Leathnú tairisceana agus idirnáisiúnú gairmoiliúna), C21.I3 (Tacaíocht do mhic léinn leochaileacha), C22.I2 (Plean chun Seirbhísí Sóisialta a Nuachóiriú - Claochlú teicneolaíoch, nuálaíocht, oiliúint agus neartú cúraim leanaí), C22.I5 (Tógáil, fáil, nó athchóiriú ionad glactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta), C23.I4 (Tionscadail le haghaidh athchothromú agus cothromas), C25.I3 (Ciste an Mhoil Closamhairc), C26.I1 (Digitiú na hearnála spóirt), C31.I3 (Scéim fóirdheontais chun tacú le dícharbónú na hearnála tionsclaíche agus an tslabhra luacha a bhaineann le foinsí agus stóráil fuinnimh in-athnuaite), C31.I4 (Infheistíocht chun tacú le bonneagar an líonra leictreachais), C31.I5 (Infheistíocht chun tacú le dícharbónú tionsclaíoch (deontais)), C32.I2 (Bonneagar uisce, comhshaoil agus talmhaíochta a athchóiriú), C32.I3 (Deiseanna fostaíochta do dhaoine atá ag obair ar son atógáil agus athbheochan shocheacnamaíoch na gcríoch a ndéanann DANA difear dóibh), C32.I6 (Scéim tacaíochta ICO do chuideachtaí a ndéanann an t-athrú sa timpeallacht taraife dhomhanda difear dóibh), méadú ar na bearta C2.I1 (Clár athshlánaithe le haghaidh téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta i dtimpeallachtaí cónaithe), C3.I1 (Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht i réimse an uiscithe a fheabhsú), C12.I1 (Spásanna sonraí earnálacha chun earnálacha a dhigitiú, agus gníomhaíochtaí taighde, forbartha, agus nuálaíochta), C13.I14 (Instealladh caipitil in ICO), C15.I1 (Síneadh leathanbhanda sárthapa), C22.I1 (Plean fadtéarmach cúraim agus tacaíochta: dí-institiúidiú, trealamh agus teicneolaíocht), C25.I2 (PERTE 'Geilleagar Nua Teanga': Faisnéis sa Spáinnis agus i dteangacha comhoifigiúla eile), C28.I1 (Asbhaintí cánach a dearbhaíodh chun feithiclí leictreacha a cheannach nó stáisiúin luchtaithe a shuiteáil), C31.I2 (Scéim chun tacú le táirgeadh agus glacadh hidrigine in-athnuaite), C31.I6 (Scéim fóirdheontais le haghaidh tionscadail dícharbónaithe (deontais)), agus C31.I9 (Scéim chun tacú leis an Aistriú Glas), an beart nua C8.R5 (Teacht i bhfeidhm reachtaíochta a rannchuidíonn leis an aistriú glas) agus an garsprioc nua 402a (Foilsiú staidéar athbhreithnithe caiteachais an timthrialla nua (2022-2026)). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go gcuirfí [beart nua amháin agus garsprioc nua amháin leis agus go méadófaí leibhéal cur chun feidhme 11 bheart. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

***Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna***

(11) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Spáinn i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú an Choimisiúin***

(12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(13) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a mhol an Spáinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón

gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241 pointí (a), (b), (c) (d) (da) (db), (g), (j) agus (k).

***Rannchuidiú leis an aistriú glas, an bhithéagsúlacht san áireamh***

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 37,277 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, agus 90,974 % de chostais iomlána mheasta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021-2030.

(15) Ar an iomlán, mar gheall ar an ábhar clibeála aeráide a ghabhann le roinnt beart, tháinig méadú ar leibhéal a n-uaillmhéine agus a gcostáil, agus i gcás bearta eile, is i laghad a chuaigh an leibhéal uaillmhéine. San iomlán, an glan-iarmhéid atá i gceist leis na leasuithe ar phlean na Spáinne i dtaobh an rannchuidithe fhoriomláin le sprioc aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta, is iarmhéid 37,277 % atá ann, agus tá sé cobhsaí i gcónaí. Meastar go fóill go laghdóidh bearta an phlean na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus go n-éascóidh siad glacadh fuinnimh in-athnuaite agus go rannchuideoidh siad ar an gcaoi sin le spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach agus leis an gcuspóir go mbeidh an tAontas aeráidneodrach faoi 2050.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 22,578 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(17) Ar an iomlán, agus an méadú atá tagtha ar chostáil agus uaillmhian roinnt beart lena mbaineann clibeáil dhigiteach á chur san áireamh, chomh maith leis an laghdú atá tagtha ar bhearta eile den chineál sin, is amhlaidh, de bharr na leasuithe ar phlean na Spáinne, atá glanmhéadú 1,061 pointe céatadáin, ó 22,578 % go dtí 21,517 %, tagtha ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc dhigiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Leanann an plean modhnaithe de bheith ag rannchuidiú go suntasach leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear trí mhéadú ar dhigiteáil an riaracháin phoiblí agus digiteáil fiontar chomh maith le líon na seirbhísí digiteacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a mhéadú.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, na socruithe atá beartaithe sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, tá siad leordhóthanach (rátáil A) i dtaobh faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean náisiúnta

téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(19) I dteannta na socruithe a measadh a bheith leordhóthanach roimhe seo, tá socruithe dlíthiúla forlíontacha glactha ag an Spáinn chun bainistíocht fhónta airgeadais agus cost-éifeachtúlacht na n-acmhainní a fuarthas a áirithiú. Go háirithe, an caiteachas incháilithe deiridh le haghaidh tionscadail áirithe arna maoiniú le caiteachas deontais ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, i gcás ina mbeidh an caiteachas sin níos ísle ná an méid a deonaíodh ar dtús, déanfar na méideanna a thiocfaidh as sin a ath-leithdháileadh laistigh den réimse beartais céanna den chomhpháirt ábhartha, i gcomhréir leis na ceanglais chlibeála is infheidhme.

***Costáil***

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(21) Tá méid chostas iomláin measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le nádúr agus cineál na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe. Dá bhrí sin, meastar gur réasúnta agus inchreidte iad na meastacháin chostais le haghaidh fhormhór na mbeart sa phlean leasaithe. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an Spáinn nach gcumhdaítear méid an chostais iomláin mheasta le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta. Dá bhrí sin, tá údar le rátáil B i gcás an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Measúnú dearfach***

(22) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá i dtaca le cur chun feidhme an phlean leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, chomh maith leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i gcomhair chur chun feidhme an phlean leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(23) Is é costas iomlán measta phlean leasaithe na Spáinne EUR 101 318 408 928. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Spáinn, an ranníocaíocht airgeadais iomlán a leithdháilfear ar phlean leasaithe na Spáinne, ranníocaíocht arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle[11], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart ranníocaíocht EUR 79 854 183 024 a bheith inti. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Spáinn.

***Iasachtaí***

(24) Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 83 160 060 000 ar fáil don Spáinn trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023. Tar éis C3.I12 (Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht i réime an uiscithe a fheabhsú) a bhaint agus an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme C2.I7 (Saoráid Iasachta ICO chun Tithíocht Shóisialta a Chur Chun Cinn), C12.I7 (Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach (iasachtaí)), C13.I7 (An Chiste Next Tech), C13.I12 (Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA), C13.I13 (An Ciste Athléimneachta Réigiúnach (FRA)), C13.I15 (Instealladh caipitil in ICO), C15.I9 (An tSaoráid Mhaoiniúcháin CHIP), agus C25.I3 (Ciste an Mhoil Closamhairc) faoi Airteagal 21 de Rialachán 2021/241, níor iarr an Spáinn na hacmhainní iasachta saortha a úsáid chun tacú le bearta nua nó chun leibhéal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana laistigh den phlean téarnaimh agus athléimneachta a mhéadú. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean níos ísle ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Spáinn agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Spáinn trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán a chuirtear ar fáil don Spáinn a laghdú ionas gur EUR 21 448 689 929 a bheidh i gceist.

(25) Ba cheart méid na ranníocaíochta airgeadais don Spáinn a chinneadh sa chinneadh seo i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241. Mar sin féin, de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2026 maidir le laghdú mhéid an chúigiú tráthchuid den tacaíocht neamh-inaisíoctha don Spáinn, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán (AE) 2021/241, tá laghdú EUR 197 971 828 tagtha ar an ranníocaíocht airgeadais agus ní féidir leis an Spáinn a heisíocaíocht a iarraidh ar an gCoimisiún.

(26) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán.

(27) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid, agus do nósanna imeachta a d'fhéadfaí a ghabháil ar láimh maidir le saobhadh oibriú an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraíonn an Cinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh maidir le cásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith i gceist,

[11] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean*

Formheastar an measúnú ar phlean leasaithe na Spáinne ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, leasaítear é mar a leanas:

(1) in Airteagal 2a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas ar fáil don Spáinn iasacht EUR 21 448 689 929 ar a mhéad.';

(2) an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, cuirtear in ionad na hIarscríbhinne é.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*